



AN CÓRAS EORPACH UM MAOIRSEACHT AIRGEADAIS (CEMA)

Is é atá sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) ná córas ilsrathaithe d'údaráis mhicrastuamachta agus mhacrastuamachta, lena n-áirítear [an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach](#), na trí údarás Eorpacha mhaoirseachta agus na maoirseoirí náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag CEMA maoirseacht airgeadais chomhsheasmhach agus chomhleanúnach in AE a áirithiú. Tá athruithe ag teacht ar an gcóras maoirseachta ag leanúint as tabhairt isteach an Aontais Bhaincéireachta agus ós rud é go bhfuiltear ag dréim le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ

Mar thoradh ar na moltaí sa [tuarascáil](#) ón ngrúpa saineolaithe de chuid de Larosière maidir leis na socrúithe maoirseachta san Eoraip a neartú, tugadh CEMA isteach in 2010 agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011. Tá CEMA comhdhéanta den [Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach](#) (BERS), na trí údarás Eorpacha maoirseachta (ESAnna) – is iad sin an [tÚdarás Baincéireachta Eorpach](#) (ÚBE), an [tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí](#) (ESMA) agus an [tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsín Cheirde](#) (EIOPA) – agus na maoirseoirí náisiúnta.

Is é príomhchuspóir CEMA ná a áirithiú go ndéantar na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais a chur chun feidhme go leormhaith ar fud na mBallstát chun cobhsaíocht airgeadais a chothú, muintín a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do thomhaltóirí. Áirítear ar chuspóirí CEMA freisin cultúr comhchoiteann maoirseachta a fhorbairt agus margadh aonair airgeadais Eorpach a éascú.

Is córas maoirseachta micrastuamachta agus macrastuamachta é CEMA. Is é príomhchuspóir na maoirseachta micrastuamachta ná maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí aonair airgeadais agus a n-anás a theorannú, agus, dá bhrí sin, tomhaltóirí a chosaint. Baineann maoirseacht macrastuamachta, ar an taobh eile, le neamhchosaint an chórais airgeadais ina iomláine ar rioscaí comhchoiteanna, agus tá sé mar aidhm léi anás a theorannú chun an geilleagar foriomlán a chosaint ar chaillteanais shuntasacha in aschur iarbhír. I gcomhthéacs CEMA, tá freagracht ar BERS as an maoirseacht



mhacrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais AE, agus is ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC, a oibríonn lena chéile i gcomhchoiste, a dhéanann an maoirseacht mhicrastuamachta.

Le bunú an Aontais Baincéireachta in 2012, rinneadh athrú ar mhúnla chreat maoirseachta AE nuair a tugadh isteach gnéithe nua leis – amhail leabhar rialacha aonair le haghaidh maoirseachta, an [Sásra Maoirseachta Aonair](#) (SSM), a tháinig i bhfeidhm in 2014, an [Sásra Réitigh Aonair](#) (SRM), a tháinig i bhfeidhm in 2016, agus Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT). Tá an chaibidlíocht ar SEÁT fós ar siúl.

CREAT

A. Maoirseacht mhicrastuamachta

In AE, is iad atá mar shaintréithe ag maoirseacht mhicreastuamachta ná córas ilsrathach d'údaráis atá roinnte de réir a réimse earnálaigh (baincéireacht, arachas agus margáí urrús) agus an leibhéal mhaoirseachta agus rialála (AE agus náisiúnta).

1. Údaráis Eorpacha mhaoirseachta (ESAnna)

Ar an leibhéal Eorpach, tá na ESAnna freagrach as maoirseacht mhicreastuamachta. Is gníomhaireachtaí de chuid AE iad ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu agus a ndéanann a gcathaoirligh féin ionadaíocht orthu. Tá siad neamhspleách agus ní ghníomhaíonn siad ach ar mhaithe le leasanna an Aontais ina iomláine. I mí Mheán Fómhair 2017, d'eisigh an Coimisiún 'Pacáiste Athbhreithnithe ESA' atá comhdhéanta de thrí thogra reachtacha, agus é mar aidhm leis cumhachtaí, rialachas agus cistiúchán ESAnna a threisiú.

Is é an príomhchuspóir a shainítear sna rialacháin lena mbunaítear na ESAnna ná rannchuidiú le cobhsaíocht agus éifeachtacht an chórais airgeadais. Tá ról ag na ESAnna maidir leis na nithe seo a leanas: feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a éascú, lena n-áirítear go háirithe, leibhéal fóna, éifeachtach agus comhsheasmhach rialála agus maoirseachta; sláine, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus feidhmiú ordúil na margáí airgeadais a áirithiú; comhordú maoirseachta idirnáisiúnta a neartú; arbatráiste rialála a chosc agus dálaí cothroma iomaíochta a chur chun cinn; a áirithiú go ndéanfar rialú agus maoirseacht iomchuí ar dul i riosca ábhartha; agus cosaint an chustaiméara a fheabhsú.

Rannchuidíonn na ESAnna le leabhar rialacha aonair a fhorbairt trí chaighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a dhréachtú ar caighdeáin iad a ghlacann an Coimisiún (mar ghníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme). Eisíonn siad treoirilínte agus moltaí agus tá cumhachtaí áirithe acu i gcásanna sárúithe ar dhlí AE ag údaráis náisiúnta mhaoirseachta, i staideanna éigeandála agus maidir le heasaontais idir údaráis inniúla náisiúnta.

Tá na trí ESA eagraithe ar an mbealach céanna. Áirítear ar a struchtúr rialachais an Bord Maoirseoirí (an príomhchomhlacht cinnteoireachta, atá comhdhéanta den Chathaoirleach, ceannaire an údaráis inniúil maoirseachta i ngach Ballstát, agus aon ionadaí amháin ó gach ceann díobh seo a leanas: an Coimisiún, BCE, BERS agus an dá ESA eile), an Bord Bainistíochta, Cathaoirleach agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin.



a. Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

An bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach Maoirseachta (Údarás Baincéireachta Eorpach) [arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin](#).

Tá suíomh [ÚBE](#) i Londain faoi láthair. Mar sin féin, i bhfianaise go bhfuiltear ag dréim le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, tá oibríochtaí ÚBE á mbogadh de réir a chéile aige go Páras agus beidh siad i bhfeidhm go hiomlán ina áitreabh nua ó mhí an Mheithimh 2019. Áirítear ar raon feidhme ÚBE institiúidí creidmheasa, ilcuideachtaí airgeadais, institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid. Tá sé de chúram ar ÚBE freisin tástálacha struis ar an earnáil bhaincéireachta ar fud AE a thionscamb agus a chomhordú i gcomhar le BERS. Rinneadh an tástáil struis dheireanach in [2018](#) agus tabharfar faoin gcéad cheann eile in [2020](#).

b. An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA)

An bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach Maoirseachta (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) [arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin](#).

Tá suíomh [EIOPA](#) in Frankfurt am Main. Is iad na príomhábhair lena mbaineann ná gnóthais aráchais agus athárachais, idirghabhálaithe árachais, ilchuideachtaí airgeadais agus institiúidí le haghaidh soláthar pinsean ceirde. Rannchuidíonn sé leis an leabhar rialacha aonair maidir le hárachais agus pinsin cheirde trí chórais [Sócmhainneacht II](#) agus [IORP](#) faoi seach. Déanann EIOPA tástálacha struis a thionscnaimh agus a chomhordú chun athléimneacht na hearnálacha baincéireachta a mheasúnú. Cuireadh an tástáil struis árachais dheireanach i gcrích in [2018](#), agus rinneadh an tástáil struis is déanaí ar phinsin cheirde i mí Aibreán [2019](#). Tá an tuarascáil ar an tástáil struis le foilsiú i mí na Nollag 2019.

c. An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA)

An bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach Maoirseachta (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí) [arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin](#).

Tá [ESMA](#) lonnaithe i bPáras. Clúdaíonn a raon feidhme margáí agus rannpháirtithe (malartuithe, trádálaithe, cistí, etc.). In AE, is é ESMA amháin atá freagrach as gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála a chlárú, as maoirseacht a dhéanamh orthu agus as smachtbhannaí a fhorchur orthu. Tá sé i gceannas freisin ar chontrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála tríú tír (i.e. tír neamh-AE) a aithint agus ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa a dheimhniú agus a fhorhuiniú.

Rinne ESMA an dara tástáil struis ar chontrapháirtí lárnach in [2017](#) agus sheol sé an tríú ceann i mí Aibreáin [2019](#).

2. Comhchomhlachtaí

a. Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach

Tá an Comhchoiste freagrach as an gcomhordú foriomlán agus trasearnála, agus é mar aidhm aige comhsheasmhacht mhaoirseachta a áirithiú. Mar a leagtar amach i Rialacháin an Údaráis Eorpaigh Maoirseachta, áirítear na réimsí seo a



leanas leis an méid sin: ilchuideachtaí airgeadais; cuntasáocht agus iniúchóireacht; anailísí stuamachta ar an micrileibhéal maidir le forbairt trasearnála, rioscaí agus leochaileachtaí i ndáil le cobhsaíocht airgeadais; táirgí infheistíochta miondíola; bearta chun sciúradh airgid a chomhrac; malartú faisnéise idir BERS agus ESAnna; caidreamh idir na hinstiúidí sin a fhorbairt. Tá an Comhchoiste freagrach as díospóidí idir údaráis CEMA a réiteach.

Tá an Comhchoiste comhdhéanta de Chathaoirligh de chuid na ESAnna (agus de fhochoistí a d'fhéadfadh a bheith ann) agus bíonn Cathaoirleach amháin de chuid ESA mar chathaoirleacht air ar feadh téarma rothlach 12 mí. Is é Cathaoirleach an Chomhchoiste atá ina Leas-Chathaoirleach ar BERS. Ní mór don Chomhchoiste teacht le chéile uair amháin ar a laghad gach dhá mhí. Tá an rúnaíocht comhdhéanta de bhail foirne ó na ESAnna.

b. An Bord Achomhairc

Tá an Bord Achomhairc neamhspleách ar na trí ESAnna agus tá sé freagrach as déileáil le hachomhairc ó pháirtithe a ndéanann cinntí ESAnna difear dóibh.

Tá sé comhdhéanta de sheisear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha arna gceapadh ag na ESAnna go ceann téarma cúig bliana, bunaithe ar ghearrliosta a mholann an Coimisiún.

Is féidir cur i gcoinne chinntí an Bhoird Achomhairc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. Údaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla

Ainmníonn gach Ballstát a údaráis inniúla féin, atá ina gcuid de CEMA agus a ndéantar ionadaíocht orthu sna ESAnna.

B. Maoirseacht macrastuamachta

An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS)

An bunús dlí: [Rialachán \(AE\) Uimh. 1092/2010 maidir le maoirseacht macreastuamachta ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach](#) agus [Rialachán \(AE\) Uimh. 1092/2010 ón gComhairle lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le feidhmiú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach](#).

Is é BERS a dhéanann maoirseacht mhacrastuamachta ar leibhéal AE. Is é is cuspóir dó rioscaí sistéamacha cobhsaíochta airgeadais a chosc agus a mhaolú i bhfianaise forbairtí maicreacnamaíochta. Leis na rialacháin bhunaidh, tugtar cúraimí éagsúla do BERS agus déantar ionstraimí a chur ar fáil dó, cúraimí agus ionstraimí lena n-áirítear: faisnéis ábhartha a bhailiú agus a anailísiú; rioscaí sistéamacha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta; rabhaidh agus moltaí a eisiúint agus maoirseacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí leantacha; measúnú a sholáthar don Chomhairle nuair a chinneann BERS go bhféadfadh staid éigeandála teacht chun cinn; comhar a dhéanamh le páirtithe in CEMA; a ghníomhartha a chomhordú le heagraíochtaí airgeadais idirnáisiúnta eile amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus leis an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB); agus cúraimí a shonraítear i reachtaíocht eile AE a chomhlíonadh.



Tá BERS comhdhéanta de Bhord Ginearálta, Coiste Stiúrtha, dhá chomhlacht chomhairleacha (Coiste Comhairleach Eolaíoch agus Coiste Comhairleach Teicniúil) agus rúnaíocht.

Cuireann BCE tacaíocht anailíseach, staidrimh, riaracháin agus lóistíochta ar fáil do BERS. Tá Uachtarán BCE mar Chathaoirleach ar BERS freisin. In 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún [tuarascáil](#) ar mhisean agus eagrú BERS.

C. Comhar ar leibhéal éagsúla

Déanann na heintitis éagsúla laistigh de CEMA iad féin a chomhordú ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin le hinstiúidí éagsúla.

AN CREAT MAOIRSEACHTA A FHORBAIRT

Léirigh an ghéarchéim airgeadais nár leor comhordú simplí ar mhaoirseacht airgeadais trí CEMA chun ilroinnt an mhargaidh airgeadais Eorpaigh a chosc. Chun an chonstaic sin a sháru, bunaíodh [Aontas Baintéireachta](#) AE. Mar cheann de phríomhcholúin an Aontais Baintéireachta, is gné den chreat maoirseachta é an [Sásra Maoirseachta Aonair](#) a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis. Is é is cuspóir leis ná maoirseacht chomhsheasmhacht agus chomhleanúnach ar instiúidí creidmheasa a áirithiú chun arbatráiste rialála agus ilroinnt mhargadh na seirbhísí airgeadais in AE a chosc. Is é atá sa Sásra Maoirseachta Aonair ná gach Ballstáit sa limistéar euro mar aon le haon Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro a dhéanann cinneadh dul isteach ann. Tá an Sásra Maoirseachta Aonair comhdhéanta de BCE agus na húdaráis inniúla náisiúnta, a chomhoibríonn lena chéile agus a dhéanann faisnéis a mhalartú. Tá BCE freagrach as feidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an tsásra. Amhail ó Shamhain 2014, le [Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair](#), tugtar dualgais shonracha do BCE. Áirítear orthu sin instiúidí creidmheasa a údarú, comhlíonadh ceanglas stuamachta agus ceanglas rialála eile a áirithiú, agus athbhreithnithe maoirseachta a dhéanamh. Tá BCE freagrach as maoirseacht dhíreach ar bhainc 'shuntasacha' agus déanann na húdaráis náisiúnta maoirseacht ar instiúidí eile ar lú a suntas. Mar aon leis na cúraimí micrastuamachta sin, tá cúraimí macrastuamachta ar BCE freisin agus tá uirlisí macrastuamachta ar fáil dó, mar shampla maidir le maoláin chaipitil. Chun na críche sin, rinneadh struchtúr rialachais BCE a oiriúnú trí Bhord Maoirseachta a bhunú. Chun maoirseacht chomhsheasmhach a áirithiú, comhoibríonn BCE go dlúth le húdaráis eile dá bhfuil CEMA comhdhéanta, go háirithe le hÚBE.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar chomhrechtóir, bhí ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa sa reachtaíocht bhunaidh a chur ar bun do CEMA, agus tá ról tábhachtach aici freisin i ndáil le caibidlíocht a dhéanamh maidir le reachtaíocht faoi na colúin éagsúla den Aontas Baintéireachta. Tá ról aici i ndáil le gníomhartha tarmligthe (lena n-áirítear caighdeáin theicniúla rialála) agus i ndáil le gníomhartha cur chun feidhme (lena n-áirítear Caighdeáin Theicniúla Chur Chun Feidhme) arna nglacadh ag an gCoimisiún. Tá réimse fhairsing de chearta faisnéise aici, e.g. an clár oibre bliantúil, an cheart chun clár oibre ilbhliantúil agus tuarascálacha bliantúla na ESAnna a fháil. Ní mór na cathaoirligh ar na ESAnna agus na stiúirthóirí feidhmiúcháin a bheith dearbhaithe ag an bParlaimint.



Ina theannta sin, féadfaidh an Pharlaimint a dtuairimí a iarraidh ar na ESAnna. Vótálann an Pharlaimint gach bliain freisin ar tharscaoileadh bhuiséad ESAnna. Thairis sin, tá comhaontú idirinstiúideach^[1] tugtha i gcrích ag an bParlaimint agus BCE chun [cuntasacht](#) agus maoirseacht a áirithiú maidir leis na cúraimí a thugtar do BCE laistigh de chreat an tSásra Maoirseachta Aonair. Ina theannta sin, déanann Cathairleach an Bhoird Maoirseachta Tuarascáil Bhliantúil BCE ar ghníomhaíochtaí maoirseachta a [thíolacadh](#) don Pharlaimint, míníonn sé nó sí conas a chomhlíonann BCE a chuid cúraimí agus freagraíonn sé nó sí ceisteanna ó chomhaltaí an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON).

Dražen Rakić / Denitza Dessimirova
05/2019

[1]2013/694/AE.

